**Ciorclán 0039/2024**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta, Príomhoidí agus Múinteoirí na mBunscoileanna, na Meánscoileanna, na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna.**

# Scéim Deontais le haghaidh Bonneagar TFC

## Réamhrá agus Cuspóir

Tá infheistíocht is ionann agus thart ar €200m atá ar áireamh sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 mar bhonn agus thaca ag an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go dtí 2027. Eisíodh an chéad tráinse de chistiú, ab ionann agus €50m, faoin Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go dtí 2027 i ndáil leis an scoilbhliain 2021-2022 i mí na Nollag 2021.

Tá méid €50m á eisiúint chuig gach scoil incháilithe anois mar íocaíocht deontais.

Is leagtha amach thíos atá faisnéis faoi chúlra na scéime seo, faoi na rátaí agus faoin incháilitheacht le haghaidh an chistiúcháin sin. Eiseofar an íocaíocht sin chuig cuntas banc na scoileanna. **Ní gá do scoileanna iarratas a dhéanamh ar an gcistiú deontais seo.**

Ba cheart do scoileanna Pleananna Foghlama Digití a chur i bhfeidhm, a bheidh mar bhonn agus thaca ag úsáid an chistiúcháin deontais TFC atá á sholáthar. Cabhróidh sé sin freisin leis an tacaíocht sin a bharrfheabhsú agus le heolas a dhéanamh do riachtanais oiliúna agus tacaíochta. Is féidir go mbeidh sé riachtanach na Pleananna sin a chur isteach i gcás eisiúintí cistiúcháin deontais sa todhchaí le haghaidh bonneagar TFC. Is tugtha thíos atá tuilleadh faisnéise maidir le Pleanáil Foghlama Digití.

## An Straitéis Dhigiteach do Scoileanna

Is leagtha amach sa Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go dtí 2027, arb é an comharba ar an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020 é, atá beartas na Roinne maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a leabú isteach san oideachas.

Príomhchuspóir de chuid na straitéise is ea leanúint de leas a bhaint as acmhainneacht na dteicneolaíochtaí digiteacha chun eispéiris foghlama daltaí a bhunathrú chun feabhais agus chun cabhrú leo príomhscileanna digiteacha a fhorbairt chun cabhrú leo páirt a ghlacadh sa tsochaí agus sa gheilleagar agus aistriú chuig an mbreisoideachas agus ardoideachas agus chuig saol na hoibre.

Chun an cuspóir sin a bhaint amach, beidh sé riachtanach cistiú a sholáthar chun tacú le scoileanna infheistiú ina mbonneagar TFC agus an bonneagar sin a chothabháil, rud a bheidh ina thosaíocht de chuid na Straitéise i gcónaí.

## Gnéithe na Scéime Deontais

### Pleanáil:

- Eiseofar an scéim deontais TFC thar thréimhse feidhme na Straitéise, bunaithe ar an méid €200m a gealladh faoin bPlean Forbartha Náisiúnta.
- Ní mór do gach scoil Plean Foghlama Digití a bheith acu, bunaithe ar chur chuige scoile uile agus aird á tabhairt ar chomhthéacs agus imthosca na scoile. Ba cheart breac-chuntas a thabhairt sa phlean ar fhís na scoile le haghaidh teicneolaíochtaí digiteacha a leabú isteach sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú agus ba cheart spriocanna agus gníomhartha le haghaidh feabhais agus forbartha a chur ar áireamh ann.
- Ba cheart an Plean Foghlama Digití a athbhreithniú agus a nuashonrú, ar bhonn bliantúil ar a laghad, agus ba cheart é a úsáid chun caitheamh an chistiúcháin deontais seo a threorú chun teicneolaíochtaí digiteacha a leabú go héifeachtach isteach i gcur chuige céimnithe comhleanúnach chun feabhas a chur ar thorthaí foghlama.

### Cistiú:

- Féadfar an cistiú a úsáid le haghaidh cineálacha éagsúla bonneagair a cheannach. Áirítear leo sin, i measc nithe eile, gléasanna teagaisc, gléasanna d'fhoghlaimeoirí, lena n-áirítear gléasanna comhroinnte, teilgeoirí, trealamh líonraithe, uirlisí néalbhunaithe, ardáin foghlama, feidhmchláir bogearraí agus oideachais, agus trealamh eile atá ceaptha chun tacú leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim sa scoil. Is ar fáil in Aguisín A atá tuilleadh faisnéise maidir le míreanna a fhéadfar a cheannach leis an gcistiú sin.
- Féadfar an cistiú a úsáid freisin chun teicneolaíochtaí digiteacha a sholáthar chun tacú le foghlaim dhifreáilte agus shainoiriúnaithe.
- Féadfar an cistiú a úsáid freisin chun cabhrú le scoileanna sonraíochtaí agus curaclaim atá nua agus athbhreithnithe a chur chun feidhme ar an leibhéal bunscoile agus ar an leibhéal iar-bhunscoile. Féadfar é a úsáid freisin chun cabhrú le gníomhaíochtaí foghlama eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice a chur chun feidhme.
- Chun an deontas atá dlite do gach scoil a ríomh, baineadh úsáid as foirmle chaighdeánach cistiúcháin ina gcuirtear ar áireamh cnapshuim ráta chomhréidh agus méid per capita le haghaidh gach dalta atá rollaithe.

- Tá feidhm ag ráta breisithe per capita maidir le daltaí atá rollaithe i scoileanna DEIS agus i scoileanna speisialta agus maidir le daltaí i ranganna speisialta i suíomhanna bunscoile príomhshrutha.
- Chun críocha an méid per capita a ríomh, cuirtear gach dalta a leanann cláir bhunscoile agus iar-bhunscoile ar áireamh i mbunscoileanna aitheanta, i scoileanna speisialta aitheanta agus in iar-bhunscoileanna aitheanta.
- Gheobhaidh iar-bhunscoileanna a ghearrann táillí an cistiú ag ráta 50%.
- Tacófar leis an scéim trí threoir agus faisnéis maidir le cúrsaí teicniúla agus soláthair a chur ar fáil do scoileanna agus dá gceannairí.
- Ní mór an cistiú a úsáid chun trealamh TFC a cheannach agus ceanglaítear ar scoileanna leas a bhaint as socruithe bunaithe soláthair phoiblí. Tá tuilleadh faisnéise faoi threalamh cuí agus faoi shaincheisteanna soláthair, lena n-áirítear naisc ábhartha, leagtha amach in Aguisín A.
- Ní mór taifid ar chaiteachas agus doiciméid tacaíochta a choimeád agus a bheith ar fáil lena n-iniúchadh, más gá.
- Ní mór do scoileanna a chinntiú go gcomhlíontar Ciorclán: 13/2014 dar teideal Deontais ó Chistí Státchiste a Bhainistiú agus Cuntasacht as na Cistí sin.
- I gcomhthéacs na staide reatha san Úcráin agus fhreagairt dhaonnúil na hÉireann don ghéarchéim maidir le dídeanaithe a ghlacadh isteach, féadfaidh scoileanna an cistiú sin a úsáid freisin chun tacú le riachtanais na leanaí Úcránacha atá ag teacht isteach in Éirinn trí rochtain a thabhairt dóibh ar bhonneagar teicneolaíochta digití. Is féidir go n-áireofar leis sin gléasanna a thabhairt ar iasacht do leanaí Úcránacha sa scoil, más gá, agus bogearraí, aipeanna agus uirlisí cuí a sholáthar chun tacú lena bhfoghlaim.

## Faisnéis Bhreise/Ceisteanna Breise

Tá faisnéis mhionsonraithe leagtha amach san Aguisín a ghabhann leis an gCiorclán seo.

Ba cheart ceisteanna i ndáil le hoibriú na scéime deontais seo a sheoladh chuig ictpolicy@education.gov.ie.

Noreen Finnegan
Príomhoifigeach
Beartas um Oideachas Múinteoirí – Digiteach
Aibreán 2024

## AGUISÍN A:

## SCÉIM DEONTAIS LE hAGHAIDH BONNEAGAR TFC

### Cistiú Deontais, Bainistíocht agus Comhlíonadh

1) Íocfar deontais faoin Scéim Bonneagair TFC isteach i gcuntas bainc na scoile go díreach, bunaithe ar na critéir incháilitheachta atá leagtha amach. Ní gá do scoileanna iarratas a dhéanamh ar an gcistiú seo. Faoi mar atá amhlaidh i gcás gach deontais i gcabhair ón státchiste, ní mór d'údaráis scoile bheith in ann taifid mhionsonraithe a sholáthar ar an dóigh ar caitheadh an cistiú a tugadh faoin scéim seo. Ní mór an caiteachas ar fad a bhaineann leis an scéim a dhearbhú agus ní mór do scoileanna a bheith in ann a chruthú gur caitheadh an cistiú ar bhonneagar digiteach atá ceadaithe faoin scéim. Ní mór sonraisc agus admhálacha a choimeád i gcás go ndéanfaidh an Roinn agus/nó an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste cigireacht iniúchóireachta. Ní mór do scoileanna mionsonraí faoi mheastacháin a fuarthas, faoi shonraisc agus faoi admhálacha agus aon taifid ábhartha eile ar an gcaiteachas ar fad a choimeád go ceann tréimhse seacht mbliana. Ní mór do scoileanna ráiteas scríofa a thabhairt don Roinn, ach é a iarraidh, faoi chaitheamh an deontais, faoi aon iarmhéideanna atá fágtha agus faoi aon fhaisnéis ábhartha eile. I gcás go ndúnfar scoil go buan, ní mór aon iarmhéid atá fágtha sa chuntas a ghéilleadh don Roinn ar an dáta ar a scoireann an scoil de bheith i mbun oibre. Forchoimeádann an Roinn an ceart chun íocaíochtaí amach anseo le scoileanna a tharraingt siar mura gcomhlíontar ceann ar bith de théarmaí na scéime seo.

2) Ní mór an bonneagar TFC a roghnaíodh lena cheannach a bheith ag teacht leis an mórliosta de bhonneagar údaraithe atá leagtha amach i Rannán 3 den Aguisín seo.

3) Ní mór do scoileanna a chinntiú go gcomhlíontar Ciorclán: 13/2014 dar teideal Deontais ó Chistí Státchiste a Bhainistiú agus Cuntasacht as na Cistí sin.  Féach: DPER-Circular-13-14-Guidance-Note-and-Reporting-Requirements-1.pdf.

### An tAonad um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais (earnálacha nach earnálacha Bord Oideachais agus Oiliúna iad)

Ceanglaítear ar gach Bunscoil, Meánscoil Dheonach, Pobalscoil agus Scoil Chuimsitheach aitheanta cuntais a chur faoi bhráid an Aonaid um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais gach bliain. Leis sin, comhlíontar an ceanglas atá ar scoileanna faoi alt 18 den Acht Oideachais, 1998, a gcuntais a chur ar fáil lena n-iniúchadh ag an Aire. Féadfaidh scoileanna a bheith faoi réir iniúchadh ag an Aonad um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais mar chuid dá chlár leanúnach

oibre maidir le tacaíocht a thabhairt do scoileanna i ndáil le nithe rialachais airgeadais agus maidir le hiad a chumasú forálacha an Achta Oideachais, 1998, a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann le cuntasacht, trédhearcacht agus freagracht airgeadais as cistí Stáit.

## Scoileanna Bord Oideachais agus Oiliúna

Maidir le Ráitis Airgeadais Bhliantúla na mBord Oideachais agus Oiliúna, iniúchann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iad agus leagtar faoi bhráid Thithe an Oireachtais iad. Soláthraíonn an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí don earnáil Bord Oideachais agus Oiliúna dearbhú do Choiste Iniúchóireachta na mBord Oideachais agus Oiliúna á rá gur leordhóthanach atá an córas rialaithe inmheánaigh atá curtha chun feidhme ag an lucht bainistíochta feidhmiúcháin agus go n-oibríonn an córas sin go héifeachtach.

## An tsamhail leithdháilte cistiúcháin a bhfuil feidhm aici maidir leis an Deontas Bonneagair TFC

1. Gheobhaidh gach bunscoil, iar-bhunscoil agus scoil speisialta cnapshuim €2,000 (€1,000 i gcás scoileanna a ghearrann táillí) in aghaidh na scoile.
2. Íocfar méid per capita mar a leanas:
    a. €39.73 in aghaidh an dalta príomhshrutha atá ar na rollaí an 30 Meán Fómhair sa bhliain roimh eisiúint an deontais i mbunscoileanna príomhshrutha.
    b. €47.68 in aghaidh an dalta riachtanas speisialta atá ar na rollaí an 30 Meán Fómhair sa bhliain roimh eisiúint an deontais i ranganna speisialta atá ceangailte le scoileanna príomhshrutha, agus an méid sin in aghaidh an dalta i scoileanna speisialta.
    c. €43.70 in aghaidh an dalta atá ar na rollaí an 30 Meán Fómhair sa bhliain roimh eisiúint an deontais i mbunscoileanna DEIS.
    d. €47.68 in aghaidh an dalta atá ar na rollaí an 30 Meán Fómhair sa bhliain roimh eisiúint an deontais in iar-bhunscoileanna.
    e. €52.44 in aghaidh an dalta atá ar na rollaí an 30 Meán Fómhair sa bhliain roimh eisiúint an deontais in iar-bhunscoileanna DEIS.
    f. €23.84 in aghaidh an dalta atá ar na rollaí an 30 Meán Fómhair sa bhliain roimh eisiúint an deontais i scoileanna a ghearrann táillí.

## 2. Cur Chun Feidhme na Straitéise Digití i scoileanna

Leis an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go dtí 2027, cuirfear le héachtaí na Straitéise Digití do Scoileanna 2015-2020 chun leanúint de theicneolaíochtaí digiteacha a leabú isteach i scoileanna Éireannacha, agus é mar fhís aici “Scoileanna a chumasú le húsáid a bhaint as deiseanna an athraithe dhigitigh chun inniúlacht dhigiteach agus éiceachóras digiteach oideachais a fhorbairt chun foghlaimeoirí cumasacha, rannpháirteacha, gníomhacha a fhorbairt agus

tacú leo barr a gcumas a bhaint amach agus páirt a ghlacadh go hiomlán mar shaoránaigh dhomhanda i ndomhan digiteach”.

Leagtar béim i gColún 2 den Straitéis ar an ról atá ag bonneagar TFC i dtacú le cleachtais teagaisc, foghlama agus mheasúnaithe i scoileanna.

## Comhthéacs agus Pleanáil na Scoile:

- Tá gach scoil uathúil agus, mar sin de, is gá dóibh a staid shonrach féin a chur san áireamh le linn dóibh pleanáil le haghaidh an teicneolaíocht dhigiteach a úsáid, lena n-áirítear cuspóirí agus tosaíochtaí.
  Ba cheart do scoileanna a chinntiú go ndéanfar faireachán rialta ar an bPlean Foghlama Digití uathu agus go n-athbhreithneofar é ar bhonn bliantúil ar a laghad chun a chinntiú go léireofar ann an dul chun cinn arna dhéanamh agus aon athruithe i dtosaíochtaí maidir leis an teicneolaíocht dhigiteach a úsáid sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú.

### Ba cheart go gcabhródh na ceisteanna athbhreithniúcháin ‘féinmheastóireacht scoile’ seo a leanas le scoileanna sa phróiseas:

1. Cén fhís atá ag ár scoil le haghaidh teicneolaíochtaí digiteacha a leabú isteach sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú?
2. An bhfuil an plean foghlama digití uainn ag teacht le fís agus tosaíochtaí reatha ár scoile le haghaidh teicneolaíochtaí digiteacha a leabú isteach sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú?
3. Cé na láidreachtaí atá againn maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a leabú isteach sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú?
4. Cé na réimsí le haghaidh forbartha atá againn maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a leabú isteach sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú?
5. Conas atá an plean foghlama digití uainn ailínithe le pleanáil scoile uile agus le réimsí beartais eile? An féidir linn tosaíochtaí atá indéanta agus faoi theorainn ama a shainaithint sa Phlean Foghlama Digití uainn?
6. Cé na spriocanna atá sainaitheanta don bhliain seo, mar atá leagtha amach sa phlean foghlama digití reatha ónár scoil? Cé na teicneolaíochtaí (i.e., trealamh TFC agus bonneagar TFC) ar féidir leo tacú leis an scoil ár bhfís a bhaint amach?
7. Cé na cineálacha comhairle agus tacaí a bhaineann leis an teicneolaíocht dhigiteach ar féidir linn iad a rochtain chun cabhrú linn, agus cé atá freagrach astu sin?
8. Conas a dhéanfar faireachán agus athbhreithniú ar an bplean foghlama digití uainn?

## 3. Treoir le haghaidh an Trealaimh agus an Bhonneagair a fhéadfar a cheannach faoin Scéim Deontais TFC

- Gléasanna Ríomhaireachta Teagaisc: D'fhéadfadh go n-áireofaí leo sin ríomhairí deisce, ríomhairí glúine, táibléid nó gléasanna hibrideacha (tabhair faoi deara go bhfuil sásra íostarraingthe dírí do scoileanna le haghaidh ríomhairí pearsanta deisce, ríomhairí glúine agus gléasanna hibrideacha a cheannach ar fáil ag www.spu.ie chun an próiseas a dhéanamh níos cuíchóirithe agus níos sorochtana). Is féidir go n-áireofar leo freisin trealamh le haghaidh Grafaic Dheartha agus Chumarsáide a sholáthar.
- Gléasanna Ríomhaireachta d'fhoghlaimeoirí: Is féidir go n-áireofar leo sin ríomhairí deisce, ríomhairí glúine, táibléid agus gléasanna hibrideacha. Is féidir go n-áireofar leo freisin trealamh le haghaidh Grafaic Dheartha agus Chumarsáide a sholáthar.
- Teilgeoirí, lena n-áirítear teilgeoirí teilgin ghearr, teilgeoirí teilgin fhíorghearr, teilgeoirí teilgin fhada, teilgeoirí idirghníomhacha, nó scáileáin chomhréidhe idirghníomhacha.
- Trealamh líonraithe (e.g., líonrú fosaithe agus líonrú gan sreang, lena n-áirítear cáblú, lasca agus suiteáil).
- Uirlisí agus feidhmchláir néalbhunaithe chun tacú leis an bhfoghlaim.
- Ardáin foghlama – is gnách gur feidhmchláir néalbhunaithe iad sin a úsáidtear chun tacú leis an bpróiseas teagaisc agus foghlama.
- Bogearraí áitiúla, aipeanna, uirlisí agus trealamh chun tacú leis an bhfoghlaim, lena n-áirítear an fhoghlaim dhifreáilte agus an fhoghlaim shainoiriúnaithe.
- Trealamh eile TFC: Is féidir go n-áireofar leo sin eilimintí TFC atá ábhartha agus oiriúnach don fheidhm agus atá le húsáid chun tacú leis an teagasc, leis an bhfoghlaim agus leis an measúnú. Áirítear iad seo a leanas le liosta táscach den trealamh sin (cé nach liosta uileghabhálach é): trealamh closamhairc amhail ceamaraí socra agus físcheamaraí; callairí, teicneolaíochtaí láithreoireachta idirghníomhaí; amharcléiritheoirí; agus trealamh amhail tralaithe ríomhairí glúine/táibléad; printéirí agus freastalaí scoile.
- Is féidir an cistiú a úsáid chun soláthar a dhéanamh do threalamh a cheannaítear leis an gcistiú seo a chothabháil agus a dheisiú.

## Seomraí ranga nó limistéir theagaisc eile:

- Is gá do mhúinteoirí i seomraí ranga rochtain a bheith acu ar ríomhaire teagaisc oiriúnach, agus ar theilgeoir digiteach nó ar scáileáin chomhréidhe idirghníomhacha.

- Is faoin scoil atá sé na ríomhairí teagaisc a roghnú, ach is féidir go n-áireofar leo ríomhairí pearsanta, ríomhairí glúine, táibléid, gléasanna hibrideacha nó meascán díobh sin.

**Seomraí Ríomhaireachta (má bhaineann):**

- Ba cheart ríomhaire teagaisc, ríomhairí daltaí (ríomhairí deisce, ríomhairí glúine nó táibléid), printéir agus teilgeoir digiteach nó scáileáin chomhréidhe idirghníomhacha a bheith i ngach seomra ríomhaireachta.
- Is faoin scoil atá sé na ríomhairí daltaí a roghnú. Féadfaidh scoileanna ríomhairí deisce, ríomhairí glúine, táibléid nó meascán díobh sin a fheabhsú.

## Nósanna Imeachta Tairisceana agus Coimeád Taifead

Ní mór gach ceannachán a bheith i gcomhréir leis na Nósanna Imeachta um Sholáthar Poiblí. Ba cheart leas a bhaint as Creataí ceannaigh TFC atá ann cheana toisc go simplíonn siad an próiseas um threalamh TFC a cheannach do scoileanna. Tugtar i dTreoracha ón Oifig um Sholáthar Rialtais treoracha chun cabhrú le scoileanna orduithe a dhéanamh trí shásra an Chreata a úsáid. Ba cheart do scoileanna teagmháil a dhéanamh leis an Aonad um Sholáthar do Scoileanna le haghaidh tuilleadh faisnéise agus tacaíochta, de réir mar is gá, ag www.spu.ie. Ba cheart cúram a dhéanamh chun a chinntiú go gcuirfear sonraíochtaí teicniúla comhionanna faoi bhráid gach díoltóra tráth na hiarrata ar mheastacháin scríofa.

Ag obair di i gcomhairle leis an Aonad um Sholáthar do Scoileanna, le Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann agus le Oide-TiE, bhunaigh an Oifig um Sholáthar Rialtais sásra díreach íostarraingthe do scoileanna le haghaidh Ríomhairí Deisce, Ríomhairí Glúine agus Gléasanna Hibrideacha a cheannach, rud a fhágann nach gá do scoileanna meastacháin a fháil. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ag www.spu.ie.

Tá faisnéis faoi na Creataí TFC atá ann cheana ar fáil ag www.spu.ie. Chun naisc a rochtain ar shuíomh Gréasáin na hOifige um Sholáthar Rialtais, ba cheart do scoileanna clárú mar cheannaitheoirí ar shuíomh Gréasáin Soláthair na hOifige um Sholáthar Rialtais ag www.ogp.gov.ie.

I gcás go mbeidh trealamh nach bhfuil aon chreat TFC i bhfeidhm ina leith á cheannach acu, moltar do scoileanna teagmháil a dhéanamh leis an Aonad um Sholáthar do Scoileanna chun tuilleadh comhairle agus faisnéise a iarraidh. Chomh maith leis sin, ba cheart do scoileanna féachaint ar an gcomhairle ó Oide Technology in Education ag https://www.oidetechnologyineducation.ie/technology-infrastructure/ i ndáil lena riachtanais theicniúla agus ansin féachaint leis an luach is fearr ar airgead a

bhaint amach trí mheastacháin scríofa a fhoinsiú i gcomhréir leis na rialacha soláthair phoiblí.

Ba cheart do scoileanna an doiciméad dar teideal '**Guidance for Schools on Good Procurement Practices**' ón Aonad um Sholáthar do Scoileanna, atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Aonaid ag www.spu.ie agus an fhaisnéis ón Oifig um Sholáthar Rialtais ag www.ogp.gov.ie a léamh.

### Ról an Bhoird Bainistíochta

Ní mór don Bhord Bainistíochta sraith nósanna imeachta lena rialaítear ceannach a bhunú agus ba cheart dó na socruithe a leagan amach maidir le tairiscintí a lorg le haghaidh earraí agus le hiad a cheannach, maidir le sonraisc a íoc agus maidir le taifid chuntasaíochta a choimeád. Tá na rialacha sin leagtha amach go soiléir sa doiciméad dar teideal 'Guidance for Schools on Good Procurement Practices', atá ar fáil lena íoslódáil ón nasc seo - https://www.spu.ie/publications-2/procurement-guide/.

## Tacaíocht agus Faisnéis

### Pleanáil Foghlama Digití

- Is féidir faisnéis faoi Phleanáil Foghlama Digití do scoileanna a fháil ag https://www.oidetechnologyineducation.ie/projects-initiatives/planning/ (agus tríd an suíomh Gréasáin tiomnaithe ag https://www.dlplanning.ie/, a forbraíodh chun tacú le scoileanna teicneolaíochtaí digiteacha a leabú isteach sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú).
- I gcás go mbeidh ceisteanna sonracha ag scoileanna maidir le Pleanáil Foghlama Digití, is féidir leo iad sin a chur trí https://www.dlplanning.ie/contact/.

### Treoir agus faisnéis TFC

- Is féidir comhairle TFC maidir le teicneolaíochtaí oiriúnacha a fháil ag https://www.oidetechnologyineducation.ie/technology-infrastructure/.
- I gcás go mbeidh ceisteanna sonracha ag scoileanna maidir le comhairle TFC, is féidir na ceisteanna sin a sheoladh le ríomhphost chuig ictadvice@oide.ie.

### Acmhainní do mhúinteoirí a úsáideann teicneolaíochtaí digiteacha don teagasc agus don fhoghlaim

- Soláthraítear i dTairseach oifigiúil na Roinne don Ghaeloideachas **(www.Scoilnet.ie)** breis agus 23,000 acmhainn dhigiteach ardchaighdeáin atá ag teacht leis an gcuraclam bunscoile agus leis na sonraíochtaí ábhair iar-bhunscoile. Is féidir le múinteoirí na hacmhainní sin a úsáid don teagasc agus don fhoghlaim.
- Tá físeáin lena dtaispeántar an dea-chleachtas i dteicneolaíochtaí digiteacha a úsáid chun tacú le roinnt cineálacha cur chuige teagaisc agus modheolaíochtaí teagaisc ar fáil ag

https://www.oidetechnologyineducation.ie/videos/. Dá mba mhaith leat físeáin den dea-chleachtas i dteicneolaíochtaí digiteacha a leabú isteach sa teagasc agus san fhoghlaim i do scoil a chomhroinnt, seol ríomhphost achomair ina leagtar do chleachtas amach chuig technologyineducation@oide.ie

- Tá faisnéis, comhairle agus acmhainní oideachais in aisce lena bpléitear le saincheisteanna agus ábhair imní éagsúla maidir le sábháilteacht Idirlín do dhaoine óga, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí ar fáil ag https://www.webwise.ie/.

## Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí

- Is féidir faisnéis maidir le forbairt ghairmiúil ar theicneolaíochtaí digiteacha a úsáid sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú a rochtain ag https://www.oidetechnologyineducation.ie/courses-practice/, https://teachercpd.ie/, https://www.oidetechnologyineducation.ie/courses-practice/schoolsupport/, trí d'ionad oideachais áitiúil ag www.esci.ie agus trí chainéil ábhartha meán sóisialta na n-eagraíochtaí sin.
- Forbrófar agus cuirfear ar fáil tuilleadh forbartha gairmiúla thar thréimhse feidhme na Straitéise ar theicneolaíochtaí digiteacha a úsáid sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú.

## Suíomhanna Gréasáin eile

Tá suíomhanna Gréasáin eile ann ar a dtugtar comhairle agus faisnéis chabhrach maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú:

- http://ncse.ie
- http://www.ncca.ie/en/

## Críoch